C/2025/774

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle RESTORE – Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1057

(COM(2024) 496 final — 2024/0275 (COD)

(C/2025/774)

Rapóirtéir ginearálta: **Ioannis VARDAKASTANIS**

Comhairliúchán	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 14.11.2024 Parlaimint na hEorpa, 25.10.2024
An bunús dlí	Airteagail 164, 175(3), 178 agus 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	4.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	138/0/0

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Cuireann CESE in iúl go soiléir an dlúthpháirtíocht agus an tacaíocht ata ann do na daoine a bhí buailte go dona ag na tubaistí nádúrtha a tharla le déanaí i Lár, in Oirthear agus i nDeisceart na hEorpa. Nuair a bhuaileann tubaistí aeráide réigiúin an Aontais, bíonn an Eoraip níos láidre ach seasamh le chéile agus a bheith aontaithe le chéile.

1.2. Aithníonn CESE agus is trua a rá gur róléir feasta iarmhairtí an athraithe aeráide agus an ghanntanais acmhainní. Dá bhrí sin, tá ar an gcine daonna dul in oiriúint do shaol nua a leithéid nach bhfacthas riamh cheana. Cé go bhfuil an tAontas tiomanta, mar is ceart, do chás níos measa fós a sheachaint, níl sé ullamh, mar sin féin, chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí aeráide, géarchéimeanna fuinnimh ná tubaistí nádúrtha nach bhfuiltear ag súil leo.

1.3. Is saincheist chórasach í an ghéarchéim aeráide nach mbaineann teorainneacha léi, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le hathrú córasach ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an geilleagar agus a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach go ngabhfaidh na rialtais orthu féin tabhairt faoi réitigh chórasacha in áit aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na faidhbe agus orthu sin amháin.

1.4. Creideann CESE go mbeidh gá le bearta simplí éifeachtacha láithreach bonn chun iarmhairtí sóisialta, críochacha agus eacnamaíocha na dtubaistí nádúrtha sin a mhaolú. Beidh oibreacha fairsinge atógála ag teastáil ó réigiúin an Aontais chun téarnamh ó na tubaistí sin.

1.5. Is díol sásaimh do CESE na solúbthachtaí atá beartaithe sa togra ón gCoimisiún chun tacú leis na tíortha atá ag ceisneamh, i bhfianaise an tionchair thromchúisigh mharthanach a bhíonn ag tubaistí nádúrtha ar chreatlach shóisialta agus eacnamaíoch réigiúin an Aontais.

1.6. Cuireann CESE in iúl go dtacaíonn sé leis an mbeartas comhtháthaithe mar uirlis infheistíochta fhadtéarmach de chuid an Aontais, agus aithníonn sé san am céanna gur féidir le tubaistí nádúrtha foircneacha forbairt fhadtéarmach an bheartais a chur i mbaol.

1.7. Tá CESE á chur i bhfios go láidir go bhfuil an bunphrionsabal a leagtar síos sa bheartas comhtháthaithe, is é sin gan aon duine a fhágáil ar lár, láidir agus bailí i gcónaí, agus go bhfuil comhpháirtithe na sochaí sibhialta réidh chun leanúint de bheith ag obair i dtreo an phrionsabail sin trí bheartas láidir infheistíochta de chuid an Aontais.

1.8. I rún leis le déanaí dar teideal Níor cheart aon duine a fhágáil ar lár! *Ar mhaithe le beartas comhtháthaithe cuimsitheach agus rannpháirteach chun tacú leis an gcomhtháthú sóisialta* ([1]), eacnamaíoch agus críochach, tagraíonn CESE go hard agus go soiléir do bheartas comhtháthaithe arb é an beartas infheistíochta fadtéarmaí is tábhachtaí de chuid an Aontais é chun éagothromaíochtaí réigiúnacha, eacnamaíocha agus críochacha a laghdú.

1.9. Tá CESE den tuairim go bhfuil sásra cistiúcháin nua de dhíth ar an Aontas, sásra a bheidh láidir cobhsaí, sásra nach mór a bheith oiriúnaitheach, solúbtha agus réidh chun freagairt do ghéarchéimeanna nua agus do ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn sna blianta amach romhainn. Is ríthábhachtach go mbeidh feidhmiú an Chiste Coigeartaithe Aeráide, rud a leagfadh béim ní ba mhó ar fhreagairtí gasta práinneacha, ag teacht le beartais uileghabhálacha aeráide, chomhshaoil, agus fuinnimh an Aontais, rudaí a laghdóidh san fhadtéarma an spleáchas ar fhreagairtí éigeandála agus a thabharfaidh cosaint don chine daonna agus don dúlra araon.

1.10. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leis na húdaráis áitiúla agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun an leas is éifeachtaí agus is tapa a bhaint as na deiseanna a cruthaíodh faoi FAST-CARE chun tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe ón Úcráin. Rinneadh dochar mór d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do chuid de na hoibrithe, do FBManna agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha de dheasca na dtubaistí nádúrtha agus ní mór sciar suntasach de na cistí a dhíriú orthu chun teacht chucu féin ón díobháil agus ón damáiste tromchúiseach.

1.11. Iarrann CESE ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an Rialachán a fhormheas go ríluath ionas gur féidir é a ghlacadh a thúisce is féidir. Ós dúshlán mór atá i gceist, is freagairt chomhchoiteann atá de dhíth, freagairt a bheidh níos comhordaithe, go mór mór ó tharla an geimhreadh a bheith ag teannadh linn.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. *Cúlra agus cur síos ar an togra ón gCoimisiún*

2.1.1. Thíolaic an Coimisiún Eorpach an togra le haghaidh Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil (RESTORE), togra lena leasaítear Rialacháin CFRE (2021/1058) agus CSE+ (2021/1057) mar fhreagairt ar na tuilte i Lár agus in Oirthear na hEorpa agus ar na dóiteáin ó stoirm Boris sa Phortaingéil i mí Mheán Fómhair 2021, rud a chruthaigh riachtanais thromchúiseacha le haghaidh atógála agus tacaíocht láithreach dóibh siúd atá buailte.

2.1.2. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún leachtacht a bhaint amach agus an t-ualach airgeadais ar na Ballstáit dá dteagmhaíonn tubaistí nádúrtha a mhaolú, agus an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh an tAontas cistiú suas le 100 % ar na tosaíochtaí sonracha nua atá clársceidealaithe in CFRE agus CSE+, réamh-mhaoiniú breise 30 %, agus uasráta d'ath-chlársceidealú acmhainní CFRE agus CSE+ suas le 10 % de leithdháileadh iomlán CFRE, CSE+ agus an Chiste Chomhtháthaithe le chéile.

2.1.3. D'fhéadfadh solúbthacht bhreise a bheith ann i gcás tubaistí nádúrtha móra go náisiúnta nó go réigiúnach, mar a shainmhínítear i Rialachán Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE), nó fiú má tá siad faoi bhun thairseacha Rialachán CDAE, ar choinníoll go n-aithníonn údaráis inniúla na mBallstát iad ar an dul síos. Déantar foráil maidir le hincháilitheacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh fiú d'oibríochtaí a bhfuil a raon feidhme fisiceach curtha i gcrích nó atá curtha chun feidhme go hiomlán.

2.1.4. Go háirithe, i Rialachán (AE) 2021/1058 maidir le CFRE, tugtar isteach cuspóir sonrach nua faoi Chuspóir Beartais 2 (Eoraip níos glaise, ísealcharbóin), cé nach bhfuil aon athrú ar raon feidhme a thacaíochta, agus gan maolú ar na rialacha is infheidhme maidir le díriú téamach. Ina theannta sin, i Rialachán (AE) 2021/1057 maidir le CSE+, déantar foráil sa togra ón gCoimisiún maidir le roinnt eisceachtaí sealadacha agus solúbthacht chun a áirithiú go sroichfidh an cúnamh saoránaigh tríd an líon is lú nósanna imeachta maorlathacha is féidir, gan aon ghá le tosaíocht shonrach a thabhairt isteach.

([1]) Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *Níor cheart aon duine a fhágáil ar lár! — For an inclusive and participatory cohesion policy in support of social, economic and territorial cohesion*; IO C, C/2024/6016, 23.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6016/oj.

2.1.5. Is éard atá i gceist leis an togra cláir oibre ghearrthéarmacha agus cúnamh dá dtugtar tacaíocht ábhartha a chumasófar gan gá le bearta tionlacain, rud a chuirfidh tacaíocht dhíreach ar fáil do shaoránaigh. Maidir le cúram sláinte, is é fad an chumhdaigh suas le 18 mí ó dháta na tubaiste, agus i gcás cúnamh ábhartha, is é suas le 6 mhí an fad, rud a fhágann gur féidir freagairt níos tapúla a thabhairt ar éigeandálaí. Socraítear an sprioc-am chun leasuithe ar chláir a chur isteach ag ceithre mhí tar éis na tubaiste nádúrtha nó theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le hAthbhunú.

2.1.6. Ní dhéantar foráil sa togra maidir le hAthbhunú maidir le tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe don chuspóir sonrach nua, toisc go bhfuil a raon feidhme teoranta ag an gConradh d'earnálacha an iompair agus an chomhshaoil. Féadfaidh na Ballstáit, áfach, acmhainní a aistriú ón gCiste Comhtháthaithe chuig CFRE laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i Rialachán na bhForálacha Coiteanna (suas le 20 % san iomlán den leithdháileadh tosaigh).

2.1.7. Níl aon athrú ar uasteorainneacha bliantúla CAI do ghealltanais agus d'íocaíochtaí i gceist leis an togra, ach fanann sé laistigh de theorainneacha an CAI reatha agus tá sé neodrach ó thaobh an bhuiséid de. D'fhéadfadh leithdháileadh luath leithreasuithe íocaíochta in 2025 agus 2026 a bheith mar thoradh ar réamh-mhaoiniú 30 % chomh maith leis an ráta méadaithe suas le 100 % de chistiú ón Aontas, agus íocaíochtaí ina dhiaidh sin le déanamh ag céim níos déanaí toisc nach bhfuil aon athrú ar an gcreat airgeadais foriomlán. Le haghaidh 2025, mhol an Coimisiún na riachtanais bhreise a chumhdach trí litir leasaitheach ar bhuiséad 2025. Chun cistiú dúbailte a sheachaint, ba cheart na costais a chumhdaítear le hionstraimí náisiúnta eile nó le hionstraimí eile de chuid an Aontais nó le cuideachtaí árachais a asbhaint ó iarratais ar íocaíocht.

2.2. *Barúlacha ginearálta*

2.2.1. Cuireann CESE a dhlúthpháirtíocht in iúl leis na Ballstáit sin atá thíos le tubaistí nádúrtha, agus aithníonn sé gur féidir le héifeachtaí géarchéime, amhail tubaiste nádúrtha, tionchar suntasach a imirt ar fhorbairt réigiúin.

2.2.2. Bhí tionchar tubaisteach ag na tubaistí nádúrtha a tharla le déanaí i Lár, in Oirthear agus i nDeisceart na hEorpa, ach i gcathair Valencia freisin, ar na daonraí a bhí ina gcónaí sna réigiúin sin. Beidh gá le hoibreacha atógála fairsinge in go leor cathracha, bailte agus sráidbhailte chun bonneagar agus trealamh a ndearnadh damáiste dóibh a dheisiú.

2.2.3. Tá sé á chur in iúl ag CESE nach mór bearta láithreacha éifeachtacha a dhéanamh chun an t-ualach ar bhuiséid áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a laghdú agus chun an baol go dtiocfadh méadú ar éagothromaíochtaí críochacha de dheasca na dtubaistí sin a mhaolú.

2.2.4. Baineadh úsáid as an mbeartas comhtháthaithe roinnt uaireanta chun na hiarmhairtí is práinní a bhaineann le géarchéim a shárú. Mar shampla, bhí sé i láthair ón gcéad lá den ghéarchéim a spreag an phaindéim. Baineadh leas as freisin nuair a bhí billí leictreachais ag dul i méid agus nuair a chuidigh sé le FBManna déileáil leis.

2.2.5. Mar sin féin, tá sé á chur in iúl ag CESE go bhfuil an baol ann go ndéanfaí ionstraim freagartha ar ghéarchéimeanna den bheartas comhtháthaithe, rud a rachadh chun dochair dá chuspóirí fadtéarmacha. Ba ríthábhachtach do réigiúin an Aontais an chothromaíocht cheart a aimsiú idir solúbthacht agus cineál fadtéarmach agus straitéiseach an bheartais comhtháthaithe a áirithiú.

2.2.6. Rún *Níor cheart aon duine a fhágáil ar lár:* Ar mhaithe le beartas comhtháthaithe cuimsitheach agus rannpháirteach chun tacú le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach, chuireamar in iúl go bhfuilimid i gcoinne aon bheart a dhéanamh chun an beartas comhtháthaithe a laghdú nó ionstraim a dhéanamh de chun dul i ngleic le héigeandálaí.

2.2.7. Tá CESE den bharúil go bhfuil sásra nua cistiúcháin ag teastáil ón Aontas, sásra lena bhféadfaí cúnamh láithreach uaillmhianach a chur ar fáil chun cabhrú leis na Ballstáit i gcásanna éigeandála mar a luadh thuas. Dá bhrí sin, mhol CESE go gcruthófaí Sásra Coigeartaithe Aeráide nua. Ba cheart an cistiú a bhainfeadh leis a atreorú ó chistí de chuid an Aontais atá ann cheana, go háirithe ón gCiste Comhtháthaithe agus ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ach ba cheart é a bhainistiú ar bhealach cuíchóirithe comhleanúnach tríd an gciste nua seo.

2.2.8. Creideann CESE go bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ag na comhpháirtithe sóisialta, mar eagraíochtaí cur chun feidhme agus mar chomhpháirtithe luachmhara san fhaireachán ar chur chun feidhme na gclár sin, agus tá CESE sásta tuilleadh comhrá a éascú faoin rannpháirtíocht sin d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

2.2.9. Iarrann CESE ar an gCoimisiún aitheantas a thabhairt don ualach trom atá ar na húdaráis áitiúla agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag feidhmiú i bpobail áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as na tubaistí nádúrtha sin. Sa chomhthéacs sin, iarrann CESE go gcuirfí íosleibhéal tacaíochta ar leataobh do na húdaráis áitiúla, do na comhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta laistigh de na tosaíochtaí ábhartha chun a áirithiú go bhfaighidh na cineálacha sin tairbhithe sciar iomchuí de na hacmhainní i bhfianaise an róil ghníomhaigh atá acu i ngníomhaíochtaí chun na damáistí a dheisiú amhail an ról dá bhforáiltear sa togra FAST CARE.

2.3. *Barúlacha sonracha*

2.3.1. Molann CESE go gcumhdófaí freisin leis na solúbthachtaí atá beartaithe tubaistí nádúrtha ón dara leath de 2023 seachas ón 1 Eanáir 2024, agus é á chur i bhfios go láidir aige go ndearna na tuilte a bhuail an Ghréig i mí Mheán Fómhair agus an tSlóivéin i mí Lúnasa 2023 damáiste mór a raibh tionscadail athchóirithe ilbhliantúla agus chasta ag teastáil ina leith, nach gcuirtear tús leo i gcásanna áirithe go dtí go mbeidh na staidéir riachtanacha curtha i gcrích. Tarlóidh go leor de na costais sin níos déanaí, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach go gcaithfear go cothrom leis na Ballstáit atá buailte cheana féin.

2.3.2. Tugann CESE dá aire gur dócha go rachaidh na bearta atá beartaithe níos faide ná an tacaíocht spriocdhírithe a d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus go léireoidh siad sampla eile de bheartas comhtháthaithe a úsáid mar bhealach chun déileáil le hiarmhairtí géarchéimeanna, thar chuspóir CFAE.

2.3.3. Leagann CESE béim ar an ngá atá le comhlántacht níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos simplithe sna hiarrachtaí maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna agus maidir le bainistiú riosca agus cosc riosca araon, i bhfianaise na díospóireachta ar an gcéad CAI eile.

2.3.4. Tá amhras ar CESE nach bhfuil aon athrú ar uasteorainneacha bliantúla CAI do ghealltanais agus d'íocaíochtaí i gceist leis an togra, agus go bhfanann sé laistigh de theorainneacha an CAI reatha agus go bhfuil sé neodrach ó thaobh an bhuiséid de ag an am céanna.

2.3.5. Cuireann CESE in iúl gur cúis imní dó gur gnách glacadh leis an gcleachtas maidir le cistiú ón Aontas suas le 100 % a chur ar fáil mar ghnáthchleachtas sa bheartas comhtháthaithe agus nach mór don Choimisiún Eorpach teacht ar réitigh mhalartacha agus níos cobhsaí chun dul i ngleic le hiarmhairtí na géarchéime aeráide i bhfianaise na clárthréimhse nua.

2.3.6. Is mian le CESE freisin deiseanna cistiúcháin a chur ar fáil do bhearta coisctheacha, chomh maith leis na bearta athchóirithe, trí Airteagal 1(1)(a) den togra a leathnú, agus é á chur i bhfios go láidir aige gur féidir le cosc costais athchóirithe amach anseo a chosc. Ina theannta sin, iarrann CESE tuilleadh soiléirithe ar an gcaoi a rannchuidíonn na tosaíochtaí nua le cuspóirí aeráide, ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag ath-leithdháileadh acmhainní ar chomhlíonadh na ngealltanas ábhartha a rinneadh go dtí seo ón gclárthréimhse 2021-2027 atá ann cheana.

2.3.7. Aontaíonn CESE leis na cláir oibre ghearrthéarmacha agus leis an gcúnamh ábhartha a dtabharfar tacaíocht dó agus a chumasófar gan gá a bheith le bearta tionlacain, rud a chuirfidh tacaíocht dhíreach ar fáil do na saoránaigh. Mar sin féin, iarrann sé soiléiriú breise ar an nós imeachta a leanfar agus ar an gcaoi a n-oibreoidh sé do na Ballstáit. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh níos mó soiléireachta ann maidir leis na sásraí beachta is gá a chur i ngníomh chun na cistí a shlógadh agus maidir le ról an Choimisiúin Eorpaigh i rialú na gcostas.

2.3.8. Tá CESE den tuairim nach mór sainmhíniú a thabhairt ar thubaistí nádúrtha ionas gur féidir leis na Ballstáit uile iad a chur i bhfeidhm dá réir sin. Ba thábhachtach léargas soiléir a bheith ann ar an gcomhthéacs agus ar na bearta a bheidh incháilithe nó nach mbeidh incháilithe.

2.3.9. Iarrann CESE go ndéanfaí bearta sonracha i gcás eagraíochtaí na sochaí sibhialta a ndearnadh damáiste tromchúiseach dóibh de dheasca na dtubaistí agus iarrann sé freisin go mbeadh ról gníomhach ag an tsochaí shibhialta i bpróiseas na hatógála agus an téarnaimh.

An Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE